

Deiseanna fostaíochta

Ar an drochuair, tá míthuiscint an aineolais ann faoi na deiseanna fostaíochta do lucht labhartha na Gaeilge agus tá mise chun an dearcadh sin “nach bhfuil ann dúinn ach an teagasc”, a bhréagnú. San aiste seo, déanfaidh mé plé ar na deiseanna fostaíochta atá ann faoi láthair, faoin dóigh a bhfuil an Ghaeilge mar bhuntáiste i saol an ghnó agus faoi na deiseanna fostaíochta a bheidh ann sa todhchaí.

Tá deiseanna fostaíochta nach beag ann faoi láthair, agus tá i bhfad Éireann níos mó ann ná mar a bhí roinnt blianta ó shin. Anois go bhfuil glactha leis an Ghaeilge mar theanga oifigiúil de chuid na hEorpa, tá méadú millteanach ar na deiseanna fostaíochta i réimse an aistriúcháin agus na hateangaireachta. Chomh maith leis sin, tá borradh tagtha ar na meáin Ghaeilge agus tá an iliomad fostaithe in earnáil na meán Gaeilge, ar an teilifís, ar an raidió, sna nuachtáin agus sna meáin dhigiteacha. Ar ndóigh, tá go leor post teagaisc ar fáil sna Gaelscoileanna agus sna scoileanna Béarla. Táthar á thuar go mbeidh méadú suntasach ar líon na bpáistí san oideachas lán-Ghaeilge sa tuaisceart. Mar sin de, beidh tuilleadh post ann mar chúntóirí ranga, rúnaithe, teicneoirí agus fir faire nó mná bialainne srl.

D’fhreastail mé ar cheardlann i gColáiste Feirste darb ainm Buntáiste Breise na Gaeilge agus bhí eolas ann faoin dóigh a gcuidíonn an Ghaeilge leat i saol na hoibre. Fuair mé féin amach nach gá staidéar a dhéanamh ar an Ghaeilge ag an tríú leibhéal chun tairbhe a bhaint as na deiseanna fostaíochta a bhaineann léi. Creidim féin go bhfuil seo tábhachtach, mar ní rachaidh achan dalta i mo rangsa chun na hollscoile le Gaeilge a dhéanamh. Labhair iardhalta de chuid Choláiste Feirste, Caoimhín Ó Murchú, faoin taithí s’aige féin leis an teanga. Cé go ndearna sé Spórteolaíocht ar an ollscoil, úsáideann sé an Ghaeilge ina shaol oibre, agus dúirt sé gur rud “nádúrtha é go mbeadh mo shaol oibre i nGaeilge mar gur tógadh le Gaeilge mé. Ina theannta sin, mhol mo mhúinteoir dúinn an Ghaeilge a úsáid má tá muid ag iarraidh gnó a thoiseacht. Má tá ainm Gaeilge ar an ghnó agus fáilte roimh Ghaeilgeoirí [agus Béarlóirí, ar ndóigh] tá níos mó seans ann go mbeidh rath ar an ghnó”. Dúradh linn go n-úsáideann Ghaeilgeoirí seirbhísí trí Ghaeilge nuair a bhíonn rogha ann idir sin agus seirbhís trí Bhéarla. Tá seirbhísí eile de dhíth ar Ghaeilgeoirí nach bhfuil acu go fóill, mar shampla seirbhís tacsáí Gaeilge, nó meicneoirí le Gaeilge nó fiú gruagairí le Gaeilge, mar sin de, tá bearna ansin do dhaoine gnóthaí le Gaeilge a bhunú agus rath a bheith orthu.

Tá feachtas ann ó thuaidh le hAcht Gaeilge a fháil agus is comhartha dóchais é sin don teanga agus do dheiseanna fostaíochta, má éiríonn leis. Le hAcht na Gaeilge, beidh níos mó ceart ag Gaeilgeoirí seirbhísí a éileamh i nGaeilge agus beidh níos mó jabanna le Gaeilge sa státseirbhís mar shampla. Ar a bharr sin, le fás na Gaelscolaíochta, beidh tuilleadh múinteoirí, cúntóirí agus oibríthe óige de dhíth ar an chéad ghlúin eile. Ó thaobh na teicneolaíochta de, tá comhlachtaí móra amhail Microsoft, Google agus Facebook i ndiaidh seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge agus léiríonn sin go bhfuil stádas faighte ag an Ghaeilge nach raibh aici roimhe seo. Ní bheadh a fhios agat, seans go mbeinn féin ag obair mar chomhairleoir teanga ag Google lá éigin!

1. Cad é mar a chuireann an scríbhneoir in iúl go bhfuil athrú ann ó thaobh deiseanna fostaíochta do Ghaeilgeoirí de?
2. Cad é mar a dhéanann an scríbhneoir iarracht dearcadh an léitheora a athrú ó thaobh deiseanna fostaíochta do Ghaeilgeoirí de?
3. Cad é mar a chuireann an scríbhneoir in iúl go bhfuil todhchaí gheal ann ó thaobh deiseanna fostaíochta do Ghaeilgeoirí de?